Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar:

'GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH: STRAITÉIS LEIS AN nGNÓTHACHTÁIL A ARDÚ SA LITEARTHACHT AGUS SAN UIMHEARTHACHT'

Imlitir Uimhir:
2008/11

Dáta Eisiúna:
23 Meitheamh 2008

Lucht Léitheoireachta:

- Príomhoidí agus Cathaoirligh ar Bhoird Gobharnóirí na scoileanna deontas-mhaoinithe uilig;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Cumann na mBord Rialaithe do Scoileanna Gramadaí;
- Ceardchumainn na Múinteoirí.

Feasacht Gobharnóra
Riachtanach

Achoimre ar Ábhar:

Tugann an Imlitir seo fógra faoi shocruithe comhairliúcháin maidir leis na moltaí do 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Straitéis leis an nGnóthachtáil a ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht.

Stádas na nÁbhar:
Eolas do scoileanna

Cáipéisí a Bhaineann:
Dada

Cáipéisí Cealaithe:
Dada
Dáta Éagtha:
N/Bh

Fiosruithe:
Ba chóir aon fiosrú faoi inneachar na hImlitreach seo a sheoladh chuig:
Mrs Helen McConkey
Brainse Feabhsúcháin Scoile
An Roinn Oideachais
Rathgael House
Balloo Road
BANGOR
BT19 7PR

Suíomh Gréasáin DENI:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9753
Facs: 028 9127 9100
R-phost:helen.mcconkey@deni.gov.uk

‘GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH: STRAITÉIS LEIS AN nGNÓTHACHTÁIL A ARDÚ SA LITEARTHACHT AGUS SAN UIMHEARTHACHT’

1. Tá sé d’aidhm ag an Imlitir seo scoileanna agus forais oideachais a chur ar an eolas faoin bpróiseas comhairliúcháin do mholtaí na Roinne maidir le ‘Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht’.

2. Tá sé i gceist ag an straitéis leasaithe seo tógáil ar na láidreachtaí a bhain leis an gclár litearthacht agus uimhearthachta a thug an Roinn isteach i Feabhra na bliana 1998, agus aghaidh a thabhairt ar na réimsí inar féidir feabhas a dhéanamh. Dearadh é chun feabhas suntasach a chruthú i gcaighdeáin gnóthachtála dos na daoine óga uilig i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna trí mhúineadh feabhsaithe sa teanga agus litearthacht agus matamaitic agus uimhearthacht ar fud an churaclaim.

3. Dearadh an straitéis chun obair i gcomhair le straitéisí eile, ach go háirithe an polasaí nua feabhsúcháin scoile ‘Gach Scoil ina Scoil Mhaith’ chun:
   - Leibhéil na gnóthachtála sa litearthacht agus san uimhearthacht a ardú dos na daoine óga uilig;
   - An bhearna a laghdú idir na daltaí agus scoileanna is ísle gnóthachtála agus is airde gnóthachtála, tar éis 12 bhliain d’oideachas éigeantach.

4. Cé go bhfuil an dréachtstraitéis bunaithe ar dheachleachtas atá i bhfeidhm cheana in iliomad scoileanna agus tuairiscithe trí chigireachtaí agus obair suirbhéireachta níos leithne a rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, tá sé tábhachtach go ndéanfaimis an smaointeoireacht sin agus an treo a mholtar a thástáil le scoileanna. Mar sin beidh do thuairimí agus smaointe an-tábhachtach agus an polasaí deiridh á chruthú.

5. Tá cóipeanna den pháipéar polasaí leasaithe agus cáipéis freagartha comhairliúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, **www.deni.gov.uk**. Cé go nglacfaidh an Roinn le freagraí scríofa ar an gcomhairliúchán b’fhearr linn freagraí a fháil ar líne nó, de rogha air sin, le ríomhphost. Is féidir an cháipéis freagartha comhairliúcháin a íoslódáil, a líonadh isteach agus a chur le ríomhphost chuig **literacyandnumeracyconsultation@deni.gov.uk**. Ba chóir gach freagra a chur ar aghaidh chuig an Roinn faoin 30 Samhain 2008.



_____

JOHN CALDWELL
Brainse Feabhsúcháin Scoile